2026/2147

23.9.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2147 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 17 Meán Fómhair 2026

maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2026/236 (EUTM Somalia/2/2026)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/96/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2010 maidir le misean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh 2010/96/CBES, feidhmíonn an Coiste Polaitiúil agus Slándála rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia), agus údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh, lena n-áirítear cinntí maidir le Ceannasaithe Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh.

(2) An 27 Eanáir 2026, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2026/236 ([2]), lena gceaptar an Briogáidire-Ghinearál Elio MANES mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Somalia ón 30 Eanáir 2026.

(3) An 20 Iúil 2026, mhol údaráis mhíleata na hIodáile an Coirnéal Ivan FALASCA a cheapadh i gcomharbas ar an mBriogáidire-Ghinearál Elio MANES mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Somalia ('an ceapachán molta'). Chuir údaráis mhíleata na hIodáile in iúl go dtabharfaí ardú céime don Choirnéal Ivan FALASCA go Briogáidire-Ghinearál sula gceapfaí é mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh.

(4) An 29 Iúil 2026, mhol Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh go gceapfaí an Coirnéal Ivan FALASCA mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Somalia ón 30 Meán Fómhair 2026.

(5) An 30 Iúil 2026, thacaigh Ceannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Somalia freisin leis an gceapachán molta.

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCoirnéal Ivan FALASCA a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Somalia.

(7) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2026/236 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceaptar an Briogáidire-Ghinearál Ivan FALASCA mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia) ón 30 Meán Fómhair 2026.

([1]) IO L 44, 19.2.2010, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/96(1)/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2026/236 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 27 Eanáir 2026 maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/1398 (EUTM Somalia/1/2026) (IO L, 2026/236, 28.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/236/oj).

Airteagal 2

Leis seo, aisghairtear Cinneadh (CBES) 2026/236.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 30 Meán Fómhair 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

L. MANDEL VENSILD